



Iarratas ar chuideachta a ionchorprú

Alt 22(2)/24 Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na Cuideachta (úsáid oifige amháin)

--	--	--	--	--	--	--	--

Cuir tic sa bhosca má tá banna faoi iamh *nóta a naoi* ☐

Stampa dáta faighe CRO agus barcode

Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí iniúcháin

Ainm na cuideachta

*ina iomláine/
nóta a haon*

Tabhair faoi Deara:

- Ní mór ainm na cuideachta a shonrú ina iomláine.
- Ní mór gurb ionann ainm na cuideachta agus an t-ainm atá sonraithe sa bhunreacht.
- Ní mór go n-áireofaí cineál na cuideachta ag deireadh ainm na cuideachta mar atá ceangailte faoi Acht na gCuideachtaí 2014, mura bhfuil sí díolmhaith ina leith sin. Ní ghlacfar le giorrúchán ar chineál na cuideachta.
- Mura sonrófar an t-ainm i gceart, diúltófar don iarratas. *nóta a haon*

Cineál Cuideachta

nóta a dó

Sonraigh le do thoil cén cineál cuideachta a bheartaítear a chlárú

- ☐ TEO - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna
(Cuideachta phríobháideach. Faoi theorainn scaireanna amháin. Cúid 2 Acht na gCuideachtaí 2014)
- ☐ CGA - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe
(Cuideachta phríobháideach. Faoi theorainn scaireanna nó ráthaíochta. Cúid 16 Acht na gCuideachtaí 2014)
- ☐ CPT - Cuideachta Phoiblí Theoranta - *(Cúid 17 Companies Act 2014)*
- ☐ CTR - Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta - *(Cuideachta phoiblí. Cúid 18 Acht na gCuideachtaí 2014)*
- ☐ CNT - Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta - *(Cúid 19 Acht na gCuideachtaí 2014)*
- ☐ CPN - Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta - *(Cúid 19 Acht na gCuideachtaí 2014)*
- ☐ CPNT - Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici -
(Cúid 19 Acht na gCuideachtaí 2014)
- ☐ Cuideachta Infheistíochta - *(Cúid 24 Acht na gCuideachtaí 2014)*
- ☐ GCUI - Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe
(Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011)

I gcás gach cineál cuideachta, tá ceanglais éigeantacha i bhfeidhm i leith ainm na cuideachta; mar shampla, ní mór go gcríochnódh cuideachta TEO le "Teoranta" nó "Limited". Féach nóta a haon le do thoil.

Mionsonraí an deontóra

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

nóta a trí

Ainm
Seoladh

Uimhir teileafóin
Ríomhphost
Uimhir/Malartán DX

	Uimhir faics
	Teagmhálaí
	Uimhir thagartha

Bunreacht

seachadta ag gníomhaire

I gcás ina ndéanfaidh duine ag gníomhú mar ghníomhaire do shíntiúsóirí an bunreacht a sheachadadh chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí, cuir tic sa bhosca thíos agus tabhairt sonraí an ghníomhaire.

Cuir
tic sa
bosca

☐

Ainm
Seoladh

Oifig Chláráithe

nóta a ceathair

Postchód

☐

Más iomchuí, cuir tic sa bhosca – i gcás inar le gníomhaire an seoladh oifige cláráithe.

Tá oifig chláráithe na cuideachta (sonraithe thuas) faoi chúram gníomhaire sonraithe, ar gníomhaire é nó í a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chun na críche sin ag an gCláráitheoir.

Ainm Cuideachta an Ghníomhaire Oifigí Cláráithe:

Uimhir Cuideachta an Ghníomhaire Oifigí Cláráithe:

--	--	--	--	--	--	--	--

Ríomhphost na cuideachta

nóta a ceathair

Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú corpraithe chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.

--

Díolmhú i leith Cineáil

nóta a cúig

Cuir tic sa bhosca le do thoil más rud é go bhfuil an chuideachta ag déanamh iarratais ar dhíolúine ó chineál na cuideachta a úsáid mar chuid d'ainm na cuideachta, nó má deonaíodh an díolúine sin di

Díolúine 1: Ar fáil i gcás Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe agus Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta amháin. Níl aon chineál cuideachta eile incháilithe don díolúine sin agus ní mór dóibh a gcineál cuideachta a áireamh ag deireadh ainm na cuideachta. (Alt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

☐

Deimhním go bhfuil an chuideachta ag déanamh iarratais ar an díolúine agus tá Foirm G5 ag gabháil leis an iarratas seo.

Díolúine 2: Ar fáil i gcás Cuideachtaí Neamhtheoranta. Níl aon chineál eile cuideachta incháilithe don díolúine seo. (Alt 1237 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

☐

Deimhním go ndearnadh iarratas ar an díolúine agus gur deonaíodh í agus tá an litir ceadaithe ón Aire ag gabháil leis an bhFoirm A1 seo.

Srianadh ar an Ainm

Cuir tic sa bhosca le do thoil má tá an chuideachta ag cur isteach ar ainm cuideachta ina bhfuil focail shrianta a dteastaíonn cead ina leith ó roinn rialtais nó comhlacht sonraithe eile

☐

Dearbhaím go bhfuil focal srianta nó abairt shrianta in ainm beartaithe na cuideachta agus go bhfuil cead iarrtha ar an roinn rialtais ábhartha nó ar an gcomhlacht sonraithe eile agus go bhfuil an fógra ceada ag gabháil leis an iarratas seo.

(Féach ar Bhileog Faisnéise 1 le do thoil nó tabhair cuairt ar www.cro.ie/registration/company maidir le focail shrianta nó abairtí srianta)

Sonraí Stiúrthóra

Iena n-áirítear stiúrthóirí ionaid / scáthstiúrthóirí

Tabhair sonraí thíos le do thoil maidir leis na daoine a bhfuil toiliú tugtha acu i scríbhinn gníomhú mar stiúrthóirí. *nóta a sé*

Sloinne

Ceadainm

nóta a seacht

Lá

Mí

Bliain

Dáta breithe

Cónaitheoir LEE

nóta a naoi

Seoladh cónaithe

nóta a seacht

Postchód

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóir malairte

nóta a deich

Stiúrthóir iomlán a cheapfaidh an stiúrthóir ionaid

nóta a deich

Stiúrthóireachtaí eile

(anuas agus faoi láthair)

Cuideachta

nóta a haon déag

Ionad corpraithe

nóta a dó dhéag

Uimhir cuideachta

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar stiúrthóir ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar stiúrthóir go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann.

Síniú

Dáta

Sloinne

Ceadainm

nóta a seacht

Lá

Mí

Bliain

Dáta breithe

Cónaitheoir LEE

nóta a naoi

Seoladh cónaithe

nóta a seacht

Postchód

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóir malairte

nóta a deich

Stiúrthóir iomlán a cheapfaidh an stiúrthóir ionaid

nóta a deich

Stiúrthóireachtaí eile

(anuas agus faoi láthair)

Cuideachta

nóta a haon déag

Ionad corpraithe

nóta a dó dhéag

Uimhir cuideachta

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar stiúrthóir ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar stiúrthóir go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann.

Síniú

Dáta

Sonraí an rúnaí

Tabhair sonraí thíos le do thoil a bhaineann leis an duine a bhfuil toiliú tugtha aige i scríbhinn gníomhú mar rúnaí. *nóta a seacht*

Sloinne

Céadainm

nóta a seacht

Sloinne roimhe seo

Céadainm roimhe seo

nóta a hocht

Lá

Mí

Bliain

Dáta breithe

Uimhir an chomhlachta chorpraithe

(más infheidhme)

Ainm an chomhlachta chorpraithe

(más infheidhme)

Clárú an chomhlachta chorpraithe

(más infheidhme)

Seoladh cónaite nó oifig chláraithe

(más infheidhme)

nóta a seacht

Postchód

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar rúnaí ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar rúnaí go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann.

Síniú

Dáta

Rannpháirtithe an bhunreacht

nóta a trí dhéag

Síniú/Sínithe	Sínitheoir	Gníomhaire	Dáta
	<i>Cuir tic i mbosca amháin</i>		

Caipiteal cuideachta agus ráiteas

nóta a ceathair dhéag

Luach iomlán na scaireanna údaráithe

€/___

Líon iomlán na scaireanna údaráithe

arna gcur le chéile mar seo a leanas

Aicme na scaireanna údaráithe

Líon i ngach aicme

Luach gach scair

€/___

Luach iomlán na scaireanna eisithe

€/___

Líon iomlán na scaireanna eisithe

arna gcur le chéile mar seo a leanas

Aicme na scaireanna eisithe

Líon i ngach aicme

Comaoin do gach scair

nóta a cúig déag

Is ionann an dearbhú agus dearbhú neamh-mhionnaithe um chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil go léir a bhaineann le corprú. Is cion coiriúil é do dhiune de bhun ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 doiciméad le faisnéis bréige a sheoladh chuig an CRO go feasach agus go meargánta.

nóta a sé dhéag

Dearbhaím
ainm i gcló trom

den
seoladh cónaitheach
nóta a seacht

go sollúnta agus go fireanta gur *nóta a dó*

☐ Stiúrthóir

☐ Rúnaí

☐ Aturnae atá ag gníomhú i mbunú na cuideachta

mé agus go bhfuil riachtanais uile Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le clárú na cuideachta sin, agus le gnéithe eile a bhaineann agus a ghabhann le sin comhlíonta agus go bhfuil an Fhoirm A1 comhlíonta de réir Nótaí Comhlánúcháin Fhoirm A1

Dearbhaím ina theannta sin gurb é an cuspóir, nó ceann de na cuspóirí, atá le bunú na cuideachta, ná tabhairt faoi ghníomhaíocht sa Stát, agus go bhfeictear domsa gur féidir

(a) an ghníomhaíocht a rangú, i gcomhréir leis an gcóras rangaithe ábharthach mar seo a leanas

Cód NACE –
nóta a seacht déag

Agus gurb é nádúr ginearálta na gníomhaíochta: *nóta a seacht déag*

Nó (b)**nach féidir** an ghníomhaíocht a rangú ar an mbealach sin ach gur seo cur síos cruinn air: *nóta a hocht déag*

Dearbhaím ina theannta sin gurb í an áit nó na háiteanna sa Stát a bhfuil i gceist tabhairt faoin ngníomhaíocht seo *nóta a naoi déag*

agus gurb í an áit a ndéanfar riarachán lárnach na cuideachta a riar go hiondúil ná: *nóta a naoi déag*

Dearbhaím chomh maith go bhfuil an fhoirm seo críochnaithe go hiomlán agus go cuí.

Sínithe

An lá seo de 20

NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM A1

Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.

Ginearálta

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin. I gcásanna a bhfuil /___ priontáilte, cuir isteach/scríos de réir mar is cuí. Sa chás go bhfuil /_ i gceist, tabhair an t-airgeadra ábhartha, sa chás nach euro atá i gceist. Má mheastar nach leor an spás atá ar fáil ar Fhoirm A1, ba chóir an fhaisnéis a thabhairt ar bhileog leantach san fhoirmáid chéanna agus atá sa mhír ábhartha den fhoirm. Má bhaintear úsáid as bileog leantach, ní mór é sin a chur in iúl sa mhír ábhartha.

nóta a haon

Ní mór ainm beartaithe na cuideachta a shonrú ina iomláine agus ní mór go mbeadh sé díreach mar an gcéanna leis an ainm cuideachta atá tugtha sa bhunreacht atá ag gabháil leis. Ní mór an cineál cuideachta ceart a bheith san áireamh san ainm mura bhfuil an cuideachta díolmhaithe ina leith sin. Ní glacfar le giorrúchán ar chineál na cuideachta.

Cineálacha cuideachta:

- I gcás cuideachta atá á corprú faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí mar Chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, ní mór go gcríochnódh a hainm le "Teoranta" nó "Limited". Ní ghlacfar le haon ghiorrúchán.
- I gcás cuideachta atá á corprú faoi Chuid 16 d'Acht na gCuideachtaí mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe, cibé faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta, ní mór go gcríochnódh a hainm le "Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe" nó "Designated Activity Company" mura bhfuil sí díolmhaithe ina leith sin.
- I gcás cuideachta atá á corprú faoi Chuid 17/24 d'Acht na gCuideachtaí mar Chuideachta Phoiblí Theoranta, ní mór go gcríochnódh a hainm le "Cuideachta Phoiblí Theoranta" nó "Public Limited Company"
- I gcás cuideachta atá á corprú faoi Chuid 18 d'Acht na gCuideachtaí mar Chuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta, ní mór go gcríochnódh a hainm le "Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta" nó "Company Limited by Guarantee" mura bhfuil sí díolmhaithe ina leith sin.
- I gcás cuideachta atá á corprú faoi Chuid 19 d'Acht na gCuideachtaí 2014 mar chuideachta neamhtheoranta, cibé cuideachta phoiblí nó cuideachta phríobháideach, ní mór go gcríochnódh a hainm le "Cuideachta Neamhtheoranta" nó "Unlimited Company" mura bhfuil díolmhú deonaithe faoi alt 1237 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

nóta a dó

Cuir tic sa bhosca cuí.

nóta a trí

Caithfidh an duine atá ag cur na foirme iarratais isteach ag an gCláraitheoir an chuid seo a líonadh. Féadfaidh an t-iarrthóir féin nó duine ag gníomhú ar a s(h)on é seo a dhéanamh.

nóta a ceathair

Caithfear seoladh poist iomlán sa Stát a thabhairt inar féidir leis an tseirbhís poist post a sheachadadh go réidh. Ní leor Bosca in Oifig an Phoist.

Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú corpraithe nua chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.

Má tá seoladh na hoifige cláraithe curtha faoi chúram Gníomhaire Oifigí Cláraithe atá údaraithe ag an CRO, ní dhéanfaí an fhoirm B2 a chomhlánú as seo amach ach amháin chun fógra a thabhairt maidir le deireadh le ceapachán an Ghníomhaire Oifigí Cláraithe.

nóta a cúig

Is féidir le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna nó cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal díolúine a éileamh ó fhorálacha Acht na gCuideachtaí a bhaineann leis an bhfocal "Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe" nó "Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta" a úsáid mar chuid d'ainm na cuideachta nó nuair a fhoilsítear an t-ainm. Is féidir le cuideachta díolúine a fháil:

(a) agus é mar chuspóir aici tráchtáil, ealaíon, eolaíocht, oideachas, reiligiún, carthanacht nó ábhar forordaithe eile ar bith a chur chun cinn, agus (b) nuair a éilíonn an meabhrán nó na hairteagail chomhlachais:

i) gur gá na brabúis (más ann) nó ioncam eile ar bith a chur chun feidhme lena cuspóir a chur chun cinn,

ii) gur gá cosc a chur le díbhinní a íoc leis na comhaltaí, agus

iii) gur gá na sócmhainní ar fad a bheadh ar fáil do na comhaltaí ar chuma eile a aistriú chuig cuideachta eile agus an cuideachta sin á fhoirceannadh, cuideachta le cuspóir a chloíonn le mír (a) agus a chomhlíonann na ceanglais sa mhír seo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach mór do chuideachta atá díolmhaithe ón oibleagáid chun úsáid a bhaint as na focail mar chuid dá hainm, a thaispeáint ar a cuid litreacha agus foirmeacha ordaithe gurb amhlaidh gur cuideachta den sórt sin í. Ní mór go mbeadh an fhoirm G5 ag gabháil leis an iarratas ina bhfuil foirm A1 agus an bunreacht.

Níl mór gur deonaíodh díolúine ar chuideachtaí neamhtheoranta faoi alt 1237 sula ndéanfaidh siad iarratas. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh chun an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ní mór don litir dhíolúine a bheith ag gabháil leis an bhFoirm A1.

nóta a sé	<p>Ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag gach cineál cuideachta seachas Cuideachtaí Príobháideacha faoi Theorainn Scaireanna (cuideachtaí TEO), a bhféadfaí stiúrthóir amháin a bheith acu. Ní cheapfar aon duine ina stiúrthóir nó ina rúnaí mura bhfuil 18 bliana d'aois slánaithe aige nó aici. Sa chás nach bhfuil ach stiúrthóir amháin ag cuideachta, ní féidir leis an duine sin oifig rúnaí na cuideachta a shealbhú freisin.</p> <p>I gcás ina mbeidh duine a thoiligh a bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta seo dícháilithe faoi láthair faoi dhlí stáit eile ó bheith ceaptha mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó gnóthas, caithfidh sé/sí Foirm B74 a líonadh agus a sheoladh chuig an CRO le Foirm A1. Ar shlí eile measfar é/í a bheith dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir ar chuideachta cláraithe in Éirinn don chuid eile dá dhícháiliú.</p> <p>Ciallaíonn 'scáthstiúrthóir' duine a ngníomhaíonn stiúrthóirí cuideachta de réir a t(h)reoracha de ghnáth.</p>
nóta a seacht	<p>I gcás ina mbeidh stiúrthóir a cheapfar dícháilithe faoi dhlí stáit eile (cibé acu de bhun ordú breithimh, nó binse fiosraithe nó eile) ó bheith ceaptha nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó gnóthas, caithfear Foirm B74 (Ráiteas maidir le Dícháiliú Stiúrthóra) a chur isteach le Foirm B10. Má mhainnítear Foirm B74 a chomhdú nuair a theastaíonn sé dícháileofar an duine lena mbaineann go huathoibríoch ó ghníomhú mar oifigeach cuideachta in Éirinn don chuid eile dá d(h)ícháiliú eachtrach. Ní cheapfar aon duine ina stiúrthóir nó ina rúnaí mura bhfuil 18 bliana d'aois slánaithe aige nó aici. (a131 CA 2014).</p>
nóta a hocht	<p>Ní mór aon chéadainm agus slounne roimhe seo a thabhairt. Mar sin féin ní áirítear an méid seo a leanas: (a) I gcás duine ar a dtugtar teideal eile óna s(h)loinne, an t-ainm a tugadh air/uirthi roimhe sin; (b) i gcás aon duine, ainm nó sloinne roimhe sin i gcás gur athraíodh nó nár úsáideadh an t-ainm nó an sloinne sular bhain an té i gceist 18 mbliana amach nó gur athraíodh nó nár úsáideadh an t-ainm sin ar feadh 20 bliain ar a laghad; (c) sa chás inar duine pósta nó páirtí sibhialta atá i gceist, an t-ainm nó an sloinne lenar aithníodh é nó í roimh an bpósadh nó roimh an bpáirtnéireacht shibhialta.</p>
nóta a naoi	<p>Caithfidh gach cuideachta stiúrthóir iomlán amháin ina c(h)ónaí i mballStát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó banna de bhun alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bheith aici. Tabhair faoi deara nach leor stiúrthóir ionaid ina c(h)ónaí in Stát LEE chun críche alt 137 den Acht sin. Cuir tic sa bhosca "cónaitheoir LEE" má tá an stiúrthóir ag cónaí sa mballStát de réir alt 137 d'Acht 2014. Mura bhfuil aon stiúrthóir iomlán ina c(h)ónaí amhlaidh, caithfear banna bailí a chur isteach leis an iarratas. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an mbanna, féach Duillín Faisnéise an CRO Uimh. 17.</p>
nóta a deich	<p>Cuir tic sa bhosca má stiúrthóir ionadach/ionaid an stiúrthóir ceaptha. I gcás ina mbeidh an bosca ticeáilte, caithfear ainm an stiúrthóra iomláin a cheapfaidh an stiúrthóir ionadach/ionaid a chur isteach sa spás folamh freisin.</p> <p>Má cheadaíonn airteagail na cuideachta amhlaidh agus faoi réir na n-airteagal sin a chomhlíonadh, féadfaidh stiúrthóir duine a cheapfaidh mar stiúrthóir ionadach/ionaid ar a s(h)on. Cuirfidh an chuideachta in iúl don CRO má cheaptar duine le ghníomhú mar stiúrthóir, is cuma cén cineál ceapacháin atá i gceist. Tá oibleagáid reachtúil ar an gcuideachta a chur in iúl don CRO má chuirtear duine le clár na stiúrthóirí nó má bhaintear duine de. I gcás go stopfaidh stiúrthóir iomlán a cheap stiúrthóir ionadach de ghníomhú mar stiúrthóir, caithfidh an chuideachta a chur in iúl don CRO gur stop ceapacháin an stiúrthóra iomláin agus a (h)ionadaí. Tabhair faoi deara: Ní ghlacann CRO aon fhreagracht as an nasc idir an stiúrthóir iomlán agus a (h)ionadaí a chothú.</p>
nóta a haon déag	<p>Tabhair ainm na cuideachta agus líon na gcomhlachtaí corpraithe, más ionchorpraithe sa Stát nó in áit eile atá siad, a bhfuil nó a raibh an duine ina stiúrthóir orthu. Déantar eisceachtaí ar an rial seo do chomhlachtaí (a) nach raibh an duine ina stiúrthóir orthu tráth ar bith le 5 mbliana anuas; (b) a raibh an chuideachta (nó a raibh ag an am cuí) ina fochuideachta faoi úinéireacht iomlán; (c) atá ina bhfochuideachtaí (nó a bhí ag an am cuí) faoi úinéireacht iomlán den chuideachta.</p> <p>De bhun alt 142 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní bheidh duine ag aon am ar leith ina stiúrthóir ar os cionn 25 cuideachta. Mar sin féin, faoi alt 142(3) den Acht, ní féidir stiúrthóirí áirithe a áireamh chun críocha alt 142(1). Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Duillín Faisnéise an CRO Uimh. 1.</p>
nóta a dó dhéag	<p>Ionad ionchorpraithe más taobh amuigh den Stát.</p>
nóta a trí déag	<p>Caithfidh na rannpháirtithe sa chuid seo freagairt do rannpháirtithe an mheamraim a théann leis seo agus na hairteagail chomhlachais seachas nuair a shíníonn gníomhaire an chuid seo ar son an rannpháirtí/na rannpháirtithe. Nuair nach bhfuil dóthain spáis ann, caithfear na sínithe a chur ar bhileog leanúnach eile san fhormáid chéanna leis an gcuid seo.</p>
nóta a ceathair déag	<p>Nuair is infheidhme, caithfidh na sonraí freagairt díreach mar a chéile leis na sonraí faoi sciaranna de réir an bunreacht a théann leis.</p>
nóta a cúig déag	<p>Léirigh airgead tirim nó stoc.</p>

nóta a sé déag

Is éard atá sa dearbhú ná dearbhú ar chomhlíonadh leis na riachtanais dlíthiúla ar fad a bhaineann le hionchorprú cuideachta. Mar gheall go ndeimhníonn an dearbhú go bhfuil gach riachtanas clárúcháin eile comhlíonta, caithfear é a shíniú nuair a bheidh an fhoirm críochnaithe ina hiomláine, mar sin ní fhéadfaidh dáta an dearbhúcháin teacht roimh dátaí sínithe eile ar an bhfoirm agus ar mheamram agus airteagail chomhlachais a théann leis.

nóta a seacht déag

Is é an bunús céanna do rangú staitistiúil ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san A.E. ná an cód NACE. Tá an cód le fáil ar www.cro.ie. Caithfidh an cód 4 dhigit NACE agus na gníomhaíochtaí teacht le príomhchuspóir beartaithe na cuideachta sa mheamram comhlachais a théann leis. (Eisceacht: Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Cuideachtaí TEO) Ní shonraíonn cuideachtaí cuspóirí má tá siad cláraithe mar chuideachta TEO). I gcás ina mbeidh dhá ghníomhaíocht nó níos mó, tabhair sonraí maidir leis an bpríomhghníomhaíocht sa Stát.

nóta a hocht déag

Mar gheall gur féidir gach gníomhaíocht a aicmiú faoi chód NACE, is beag ga a bheidh le (b) a líonadh.

nóta a naoi déag

Caithfear seoladh iomlán poist a thabhairt. Ní leor Bosca in Oifig an Phoist.

Seicliosta

- Leathanach 1**
- ☐ An mar a chéile go díreach ainm na cuideachta agus na sonraí a tugadh ar an bunreacht a théann leis?
- ☐ Má tá banna seolta isteach, an bhfuil an bosca cuí ticeáilte?
- ☐ An bhfuil sonraí a té a sheol isteach tugtha agus an seoladh poist inléite agus ceart?
- Leathanach 2**
- ☐ An bhfuil seoladh iomlán poist sa Stát tugtha don oifig chláraithe?
- ☐ Más gníomhaire a thug isteach an bunreacht, an bhfuil na sonraí cuí curtha isteach i gceart?
- Leathanach 3**
- ☐ An bhfuil stiúrthóirí agus a gcuid sonraí, lena n-áirítear a ngnáthsheoltaí cónaitheacha, tugtha go hiomlán?
- ☐ I gcás nach bhfuil ceachtar de na stiúrthóirí iomlána ina gcónaí i mBallStát LEE, an bhfuil banna curtha isteach agus an dtagann sé le riachtanais an dáta i bhfeidhm. Féach Duillín Faisnéise 17.
- ☐ Nuair is cuí, an bhfuil Foirm B74 (Ráiteas maidir le Dícháiliú an Stiúrthóra) faoi iamh?
- Leathanach 4**
- ☐ An mar a chéile go díreach líon na rannpháirtithe agus na sonraí a tugadh ar an bunreacht a théann leis?
- ☐ Nuair is infheidhme, an bhfuil an ráiteas maidir le dleacht chaipitil líonta go hiomlán agus an mar a chéile na sonraí agus na sonraí faoi sciar caipitil sa bhunreacht a théann leis?
- ☐ An bhfuil sonraí an rúnaí tugtha go hiomlán (i gcló trom/clóscríofa)?
- Leathanach 5**
- ☐ An bhfuil an cód NACE ceart i bhfeidhm agus an dtagann sé leis an gcur síos ar na gníomhaíochtaí agus príomhchuspóir sa bhunreacht a théann leis?
- ☐ An bhfuil seoltaí iomlána poist don áit nó do na háiteanna gníomhaíochta agus riarachán lárnach tugtha?
- Ginearálta**
- ☐ An bhfuil gach síniú agus dáta tugtha san áit a theastaíonn?
- ☐ An bhfuil an bunreacht críochnaithe go hiomlán agus an bhfuil sonraí iomlána ar ghairmeacha beatha agus seolta tugtha do na rannpháirtithe agus finné?

Tuilleadh faisnéise

Athruithe

I ndiaidh clárúcháin, caithfidh tú a chur in iúl don CRO má thagann aon athrú ar shonraí na cuideachta cláraithe. Is iad seo a leanas na príomhfhoirmeacha críochnaithe agus seolta ag an CRO (chun liosta iomlán a fháil téigh go dtí www.cro.ie):

B2	Fógra maidir le hathrú ar shuíomh na hoifige cláraithe
B10	Fógra maidir le hathrú ar stiúrthóirí nó rúnaithe nó a sonraí
G1Q/G1	Athrú ar ainm cuideachta

Seoladh CRO

Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:
Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Íocaíocht

Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

Déan staidéar le do thoil ar na nótaí míniúcháin ar an gcéad leathanach eile. Foirm A1 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í.

TÁ FAISNÉIS BHREISE MAIDIR LE FOIRM A1 A CHRÍOCHNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FHORORDAITHE, AR FÁIL CHUN DUILLÍN FAISNÉISE UIMH. 1, "CUIDEACHTA IONCHORPRAITHE", A FHÁIL FÉACH www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPPHOST info@cro.ie